



Cód Gúna ETSS Pháirc Dhumhach Thrá

Osclaíodh ETSS Pháirc Dhumhach Thrá ar 27 Lúnasa 2018. Is é ár n-aidhm a bheith inár scoil ina mbíonn barr feabhais sa teagasc agus san fhoghlaim, áit a mbeidh daltaí faoi bhláth; cuirfear ar a gcumas a lánacmhainneacht a bhaint amach agus iad ina mbaill mhuiníneacha, mheasúla, ghníomhacha den tsochaí.

Spreagfar daltaí a fhreastalaíonn ar ETSS Pháirc Dhumhach Thrá chun a lánacmhainneacht a bhaint amach in atmaisféar agus i dtimpeallacht ina mothaíonn siad sábháilte, luachmhar agus slán, agus ina bhfuil meas orthu féin agus ar dhaoine eile mar ghnáthnós.

Feidhmíonn ár scoil faoi phátrúnacht dhíreach Educate Together agus tá ceithre bhunphrionsabal mar bhonn lenár n-éiteas. Is scoil chomhoideachais í, reáchtáiltear go daonlathach í, tá sí bunaithe ar chomhionannas, agus tá sí dírithe ar an leanbh.

Daingnithe:	Meitheamh 2021
Dáta Athbhreithnithe:	Meitheamh 2024

Ní chaitheann daltaí in ETSS Pháirc Dhumhach Thrá éide scoile. Spreagaimid éagsúlacht agus féinléiriú; áfach, creidimid gur cuid d'oidreachas pearsanta na ndaltaí é cód gúna, agus spreagtar iad chun feasacht a fhorbairt orthu féin maidir leis an méid atá inghlactha, agus nach bhfuil inghlactha, ó thaobh an méid a chaitheann siad i dtimpeallacht na scoile.

Chun an fhoghlaim seo a éascú, tugtar treoirlínte do dhaltaí agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, ar a dtugtar an Cód Gúna, chun cabhrú leo na roghanna cearta a dhéanamh maidir lena gcuid éadaí scoile agus a thuiscint nach bhfuil cineálacha áirithe éadaí oiriúnach don scoil.

Cabhraíonn Polasaí an Chóid Gúna le pobal na scoile éiteas uathúil na scoile, caidrimh, polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais a chur chun cinn a spreagann dea-iompar agus a uasmhéadaíonn an fhoghlaim. Cabhraíonn an Polasaí le daltaí, tuismitheoirí agus baill foirne oibriú le chéile chun timpeallacht scoile shona, éifeachtach agus shábháilte a bhaint amach. Déanaimid ár ndícheall éiteas measa, ionchuimsithe, freagrachta agus tiomantais do chaidrimh a chruthú.

Oibríonn an Polasaí Cód Gúna seo i gcomhar leis an gCód Iompair Dhearfaigh, leis an bPolasaí Frithbhulaíochta, agus leis na polasaithe OSPS agus OCG. Baineann an Polasaí Cód Gúna seo freisin le turais scoile, imeachtaí spóirt agus turais eile. Glacfar cur chuige dearfach réamhghníomhach i leith smachta agus déanfar gach iarracht an polasaí seo a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom, réasúnta agus comhsheasmhach.

Cuireann an doiciméad seo in iúl na freagrachtaí a ghlacann daltaí ETSS Pháirc Dhumhach Thrá agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí orthu féin nuair a chláraíonn siad sa scoil. Léigh an polasaí seo, le do thoil, agus sínigh an fhoirm cheada chun a chur in iúl go n-aontaíonn tú leis.

In ETSS Pháirc Dhumhach Thrá, aithnímid tacaíocht ár dtuismitheoirí agus táimid ag súil go leanfaidh an tacaíocht seo don Chód Gúna ar aghaidh.

Éadaí

- Caithfidh éadaí a chaitear ar scoil a bheith glan, in ord maith agus oiriúnach do shaol laethúil na scoile.
- Níor cheart slogáin ná pictiúir mhaslacha a bheith ar éadaí/málaí srl.
- Níor cheart fo-éadaí a bheith le feiceáil riamh.
- Ba cheart luiteoga, jeggings, brístí srl. a bheith déanta as fabraic atá oiriúnach do thimpeallacht na scoile.
- Ba cheart brístí gearra, sciortaí agus gúnaí a bheith ar fhad na glúine agus déanta as fabraic atá oiriúnach do thimpeallacht na scoile.
- Ní cheadaítear smeach-flapacha ná slipéir sleamhnáin ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta.
- Ní cheadaítear jeans stróicthe/sracaithe ach amháin má tá na sracadh ag an nglúin nó faoina bun agus mura mbaineann riosca sláinte agus sábháilteachta leo i dtimpeallacht na scoile.
- Ní cheadaítear veisteanna ná barráin gan mhuintillí.
- Ní cheadaítear barráin a fhágann an bolg lom.
- Ní cheadaítear hataí, cochaill ná clúdaigh chinn eile (seachas clúdaigh chinn reiligiúnacha) a chaitheamh taobh istigh.
- Ní cheadaítear cótaí seachtracha a chaitheamh sa rang.



Seodra

- Ba cheart seodra a bheith oiriúnach do shaol laethúil na scoile. Is ceist sláinte agus sábháilteachta é seodra atá an-fhada, scaoilte nó mór i ranganna praiticiúla agus i gconairí plódaithe agus níor cheart é a chaitheamh.

Stíleanna Gruaige

- Ba cheart don ghruaig a bheith glan i gcónaí.
- Níor cheart súile dalta a bheith clúdaithe ag stíl gruaige.

Smideadh

- Cé go gceadaítear smideadh ar scoil, ba cheart é a chur i bhfeidhm go measartha.
- Ní cheadaítear tairní bréagacha/aicrileacha a chuireann bac ar scríobh, clóscríobh nó obair phraiticiúil a chaitheamh ar scoil.

Féadfaidh baill foirne dúshlán a thabhairt do dhaltaí maidir le sárúithe ar an gcód gúna.

Ba cheart an cód gúna seo a léamh i dteannta leis an gCód Iompair. Má fhaightear amach go bhfuil dalta ag sárú an chóid gúna arís agus arís eile, socrófar cruinniú leis an dalta agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

In imthosca áirithe, féadfar dalta a chur abhaile chun a chuid/a cuid éadaí a athrú tar éis fógra roimh ré a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go mbaineann an cód seo le daltaí atá ag freastal ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil.

Tá an Cód Gúna léite agam, tuigim é agus aontaím cloí leis.

Dalta _____

Dáta _____

Mar Thuismitheoir(i)/Chaomhnóir(i), tá Cód Gúna Scoil Dara Leibhéal Educate Together Pháirc Dhumhach Thrá léite againn/liom agus glacaimid/glacaim leis go hiomlán.

Ainm an Tuismitheora/Chaomhnóra _____

Síniú _____

Dáta _____

